OÉ Gaillimh
NUI Galway

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge

Ardscileanna Gaeilge do Mhúinteoirí

(Teastas Iarchéime)

Beidh an teastas iarchéime seo á thairiscint go páirtaimseartha ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ag Leibhéal 9 den Chomhchreat Náisiúnta Cáilíochta do mhúinteoirí cáilithe ar mhian leo cur lena scileanna teanga agus ardchumas cruinnis agus úsáide teanga a shaothrú i gcomhthéacsanna teagaisc agus foghlama. Beidh sé oiriúnach d'oidí bunscoile agus iar-bhunscoile, do mhúinteoirí Gaeilge agus do mhúinteoirí atá ag teagasc ábhair trí Ghaeilge i ngaelscoileanna, i ngaelcholáistí agus i scoileanna Gaeltachta.

Cuspóirí an chláir

- Cumas scileanna éagsúla teanga agus litearthachta a shaothrú a fhónfaidh suíomhanna oideachais ina mbeidh ardchumas Gaeilge ag teastáil.
- Sainscileanna aistriúcháin a shaothrú le cur ar chumas na rannpháirtithe feidhmiú go héifeachtach agus go muiníneach sa seomra ranga.
- Bonn anailíse agus léargais a chothú a bheidh ina chrann taca do mhúinteoirí atá ag iarraidh acmhainní foghlama Gaeilge a chruthú chomh maith le straitéisí feasachta agus saibhrithe teanga a fhorbairt.

Modúil an chúrsa

Ardchruinneas Scríofa & Labhartha 1
An tAistriúchán & Téarmaíocht an tSeomra Ranga
Ardchruinneas Scríofa & Labhartha 2
Tionscadal

Leibhéal an chúrsa: Teastas ag Leibhéal 9

Fad: Dhá bhliain go páirtaimseartha nó ar bhonn modúil aonair thar roinnt blianta.

Riachtanais iontrála: Bunchéim Dara hOnóracha, Grád 2 ag leibhéal 8, nó iarchéim ag leibhéal 9 san oideachas, nó iarrthóirí atá ag tabhairt faoi iarchéim san oideachas. (Is féidir le hiarrthóirí nach bhfuil na cáilíochtaí acadúla cuí acu, ach a bhfuil ar a laghad cúig bliana de thaithí ghairmiúil acu san earnáil oideachais iarratas a dhéanamh faoi chóras na hOllscoile d'Aitheantas don Réamhfhoghlaim [RPL])

Táillí : €1,800 don teastas iomlán.
D'fhéadfadh an táille seo athrú i rith na bliana. Is féidir eolas faoi tháille reatha an chláir a fháil ar www.nuigalway.ie/fees.

Conas iarratas a dhéanamh:
https://nuigalway.elluciancrmrecruit.com/Apply/Account/Login

Spriocdháta: Níl aon dáta deiridh leagtha síos ag OÉ Gaillimh maidir le glacadh le hiarratais (seachas i gcásanna eisceachtúla). Eiseofar tairiscintí ar bhonn leanúnach. Cuirtear ina luí ar iarrthóirí iarratais a dhéanamh chomh luath agus is féidir. Chun na mionsonraí ar fad a fheiceáil maidir le cathain agus conas iarratas a dhéanamh, féach www.nuigalway.ie/postgrad-admissions/key-dates/

Eolas faoi chúrsaí ag www.oegaillimh.ie/acadamh

OÉ Gaillimh
NUI Galway

Sainghnéithe

Déanfar an cúrsa a reáchtáil ar bhonn na foghlama cumaisc trí mhodúil an chúrsa a sheachadadh ar líne. Ní mór d'iarrthóirí ríomhaire agus ceangal leathanbhanda a bheith acu chun páirt a ghlacadh sa chúrsa seo.

Líon mac léinn

Glacfar le 20 mac léinn ar an gcúrsa seo.

Eolas breise

Beidh deis ag rannpháirtithe an clár a chríochnú thar dhá bhliain acadúla nó modúil aonair den chúrsa a ghlacadh in imeacht roinnt blianta agus iad a chur i dtreo na cáilíochta iomláine.

Beidh ceardlanna míosúla ar siúl ar champas Ollscoil na hÉireann, Gaillimh freisin.

Deiseanna fostaíochta

Rachaidh an cháilíocht bhreisoiliúna seo go mór chun tairbhe rannpháirithe ina gcuid oibre reatha i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, mar mhúinteoirí Gaeilge agus dóibh siúd atá ag teagasc ábhair trí Ghaeilge i ngaelscoileanna, i ngaelcholáistí agus i scoileanna Gaeltachta. Cuirfidh an cháilíocht go mór le hinfhostaitheacht chéimithe an chúrsa freisin.

Tuilleadh eolais:

An Dr Dorothy Ní Uigín
Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge,
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
t: +353 91 493 493
r: dorothy.niuigin@oegaillimh.ie

Eolas faoi chúrsaí ag www.oegaillimh.ie/acadamh